



# **Gearrchúrsa Tionscadal Pearsanta: Aire a Thabhairt d'Ainmhithe**

## **Leibhéal 2**

**Sonraíocht do Ghearrchúrsa na Sraithe Sóisearaí**



# An Clár Ábhar

Leathanach 3

**Gearrchúrsaí agus Cláir Foghlama Leibhéal 2**

Leathanach 4

**Intreoir don tsraith shóisearach**

Leathanach 5

**Réasúnaíocht**

Leathanach 6

**Aidhm**

Leathanach 7

**Forbhreathnú: Naisc**

Ráitis Foghlama

Príomhscileanna

Leathanach 10

**Forbhreathnú: Cúrsa**

Leathanach 11

**Ionchais maidir le scoláirí**

Torthaí Foghlama

Leathanach 16

**Measúnú agus tuairisciú**

Leathanach 19

**Aguisín 1:**

Na Táscairí Leibhéal le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

# Gearrchúrsaí agus Cláir Foghlama Leibhéal 2

Sa tsraith shóisearach nua, ba cheart go mbeadh scoláire a bhfuil an gearrchúrsa seo á dhéanamh aige ag leanúint Chlár Foghlama Leibhéal 2 (L2LP) pearsantaithe mar aon le comhpháirteanna curaclaim eile (ó Leibhéal 2 agus b'fhéidir ceann nó péire ó Leibhéal 3). Pleanáiltear Cláir Foghlama Leibhéal 2 bunaithe ar Aonaid Foghlama Tosaíochta dhifriúla ina ndírítear ar scileanna pearsanta, sóisialta agus praiticiúla an scoláire a fhorbairt. Mar aon leis na hAonaid Foghlama Tosaíochta, féadfaidh an scoláire staidéar a dhéanamh ar ghearrchúrsaí ag a bhfuil torthaí foghlama atá ailínithe go ginearálta leis na táscairí leibhéil le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 1). Is é Tionscadal Pearsanta: Aire a thabhairt d'ainmhithe<sup>1</sup> an chéad cheann de na gearrchúrsaí seo atá forbartha ag CNCM.

Is iondúil gurb é an sprioc-scoláire a ndírítear Cláir Foghlama Leibhéal 2 agus gearrchúrsaí Leibhéal 2 air an scoláire a bhfuil riachtanais foghlama shuntasacha aige. Beidh roinnt de na sprioc-scoláirí i gcatagóir íseal-mheánach chuig ard-mheánach de mhíchumas foghlama de bharr measúnú foirmiúil a rinne síceolaí oideachais agus plean foghlama pearsantaithe ag an scoláire fad is a bhí sé sa bhunscoil. Sa chomhthéacs sin, dearadh na Cláir Foghlama Leibhéal 2 agus na gearrchúrsaí do scoláire a bhainfeadh tairbhe as deiseanna chun foghlaim agus scileanna a fheabhsú i réimsí ar nós litearthacht agus uimhearthacht bhunúsach, teanga agus cumarsáide, scileanna soghluaisteachta agus fóillíochta, comhordú luaille agus forbairt shóisialta agus phearsanta. Cuirtear deis ar fáil i gCláir Foghlama Leibhéal 2 freisin don scoláire an fad ama is féidir leis díriú ar ghníomhaíochtaí a fheabhsú, mar aon lena chumas chun eolas agus scileanna a ghinearálú agus a aistriú thar chásanna áirithe, agus chun eolas a phróiseáil ó níos mó ná cainéal céadfach amháin.

---

<sup>1</sup> Sa chuid eile den cháipéis, tagrófar don chúrsa mar thionscadal pearsanta.

# Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar taithí a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Is taithí d'ardchaighdeán a bhíonn iontu seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaim, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaim a fhorbairt maidir le cruthaitheacht agus le fiontar. Tógann clár an scoláire sa tsraith shóisearach ar an bhfoghlaim a rinne sé ar an mbunscoil. Tacaíonn sé leis tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama. Cabhraíonn sé leis an scoláire chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshlán an tsaoil lasmuigh den scoil.

# Réasúnaíocht

Tógann an gearrchúrsa seo ar fhorbairt raon scileanna pearsanta, sóisialta agus praiticiúla agus cuireann sé chun cinn iad i gcomhthéacs foghlaim maidir le hainmhí a bhfuil spéis ar leith ag an scoláire ann. Mar aon le heolas ábhair, foghlaimíonn an scoláire scileanna riachtanacha ar nós scileanna cumarsáide agus teanga; smaointeoireachta agus réasúnaíochta; lipéadaithe; rangaithe; comparáide agus tátal a bhaint as eolas. Forbraítear eolas, scileanna agus meonta don saol ina dhiaidh sin trí naisc leis an bpobal, tionscadail chruthaitheacha, uimhearthacht, cumarsáid agus litearthacht.

**An tSraith  
Shóisearach  
Sonraíocht****Tionscadal  
Pearsanta: Aire a  
Thabhairt  
d'Ainmhithe  
(Leibhéal 2)**

---

# Aidhm

Tá sé mar aidhm leis an ngearrchúrsa seo eolas an scoláire, mar aon lena scileanna cognaíocha, sóisialta agus praiticiúla, a fhorbairt i gcomhthéacs foghlaim le haire a thabhairt d'ainmhí a bhfuil spéis ar leith ag an scoláire ann.

# Forbhreathnú: Naisc

Léiríonn Táblaí 1 agus 2 ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhféadfaí tionscadal pearsanta a nascadh le gnéithe lárnaigh den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

## Tionscadal pearsanta agus na ráitis foghlama

Tábla 1: Naisc idir tionscadal pearsana agus na ráitis foghlama

Ráiteas	Samplaí d'fhoghlaim ghaolmhar sa chúrsa
RF 1: Déanann an scoláire cumarsáid go héifeachtach ar bhealaí éagsúla i réimse comhthéacsanna sa T1.	Úsáideann an scoláire an téarmaíocht cheart agus madraí á bplé. Déanann sé cumarsáid le daoine eile sa scoil agus sa phobal i gcásanna neamhfhoirmiúla agus foirmiúla. Tá deiseanna síos tríd chun cur i láthair a dhéanamh d'fhaid agus de dhúshlán éagsúla. Úsáidtear réimse foirmeacha scríbhneoireachta le feiliúint don sprioc foghlama sainscríbhneoireachta, foirm shamplach a chomhlánú nó treoracha a scríobh d'úinéir coinéal madraí.
RF 7: Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoaránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne.	I ngach snáithe, fiosraíonn an scoláire na freagrachtaí a bhaineann le madra a bheith agat. Foghlaimíonn an scoláire faoi na seirbhísí atá ar fáil sa cheantar áitiúil do mhadraí. Réimse tábhachtach eile is ea an tábhacht a bhaineann le bheith i d'úinéir freagrach agus an gá chun thú féin agus daoine eile a chosaint ar dhochar féideartha. Bíonn an scoláire páirteach i saoránacht ghníomhach i rith an chúrsa de réir mar a thagann deiseanna chun cinn.
RF 11: Déanann an scoláire gníomh chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú.	Foghlaimíonn an scoláire faoi chleachtas éifeachtach agus sábháilte agus aire á tabhairt aige do mhadra, lena n-áirítear an gá le daoine eile a chosaint ar dhochar féideartha.

## An tSraith Shóisearach Sonraíocht

Tionscadal Pearsanta: Aire a Thabhairt d'Ainmhithe (Leibhéal 2)

# Tionscadal pearsanta agus príomhscileanna agus Aonaid Foghlama Tosaíochta

I dteannta a n-inneachair agus a n-eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Díríonn curaclam na sraithe sóisearaí ar ocht bpríomhscil.

**Fíor 1: Príomhscileanna na sraithe sóisearaí**



Tá an fhoghlaim sna haonaid foghlama tosaíochta ag forluí ar phríomhscileanna na sraithe sóisearaí a forbraíodh do gach scoláire.



## An tSraith Shóisearach Sonraíocht

Tionscadal  
Pearsanta: Aire a Thabhairt  
d'Ainmhithe  
(Leibhéal 2)

I dTábla 2 thíos tugtar liosta de na haonaid, de roinnt gnéithe de na haonaid sin agus na cineálacha gníomhaíochtaí foghlama bainteacha a chabhróidh leis an scoláire torthaí foghlama agus gnéithe na n-aonad a bhaint amach. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna na sraithe sóisearaí a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.

**Tábla 2: Naisc idir na hAonaid Foghlama Tosaíochta, gnéithe de na haonaid agus gníomhaíocht foghlama an scoláire**

Aonad Foghlama Tosaíochta	Gné an aonaid	Gníomhaíocht foghlama an scoláire
Cumarsáid agus litearthacht	Labhairt/comharthaíocht go cuí chun críocha éagsúla agus aird mar éisteoir a léiriú	Déanann an scoláire na nithe seo: <ul style="list-style-type: none"> <li>léamh agus/nó éisteacht chun faisnéis a fháil</li> <li>stór focal súilaithe sóisialta a léamh/siombailí agus comharthaí a bhaineann le smacht madraí a aithint</li> </ul>
Uimhearthacht	Airgead a bhainistiú Áireamhán a úsáid	Fiosraíonn an scoláire na costais a bhaineann le haire a thabhairt do mhadra agus pleanálann sé buiséad ina leith. Trí rólimirt agus fíorthaithí siopadóireachta, foghlaimíonn an scoláire chun áireamhán a úsáid sa chomhthéacs seo.
Cúram pearsanta	Nós maireachtála sláintiúil a fhorbairt	Liostaíonn an scoláire na tairbhí a bhaineann le madra a bheith agat, m.sh. don aclaíocht, ar chúiseanna sóisialta agus/nó folláine mheabhrach.
Ag cónaí i bpoibál	Cúnamh agus comhairle a lorg	Déanann an scoláire taighde ar obair gairmithe tábhachtacha sa phobal a oibríonn le madraí agus ónar féidir leis cúnamh nó comhairle a lorg. Déanann an scoláire rólimirt maidir le tuairisciú ar chás éigeandála ar an nguthán, ó bhéal nó trí théacs.
Ullmhú don obair	Bheith in ann spriocanna a shocrú  don fhoghlaim	I snáithe 1, leagann an scoláire spriocanna foghlama don ghearrchúrsa, a léiríonn na réimsí a bhfuil obair agus forbairt le déanamh orthu. Taifeadann an scoláire éachtaí i mbaint amach na spriocanna sin.

# Forbhreathnú: Cúrsa

Díríonn an tsonraíocht don ghearrchúrsa seo de chuid na sraithe sóisearaí faoi aire a thabhairt d'ainmhithe ar scileanna cognaíocha, sóisialta agus praiticiúla a fhorbairt trí cheithre shnáithe idirnasctha. Is iad na ceithre shnáithe a chuirtear i láthair anseo ná: **Foghlaim faoi mhadraí; Aire a thabhairt do mhadraí; An madra timpeall an tí agus An madra sa phobal.**

## Snáithe 1: Foghlaim faoi mhadraí.

Sa snáithe seo, spreagtar an scoláire le taighde agus obair a dhéanamh le daoine eile agus é ag foghlaim faoi shaolré madraí, na tairbhí a bhaineann le madra a bheith agat agus na nithe a bhaineann le haire a thabhairt do mhadra.

## Snáithe 2: Aire a thabhairt do mhadraí.

Cuireann an snáithe seo le tuiscint an scoláire ar an ainmhí. Trí fhoghlaim thraschuraclaim, forbraíonn sé scileanna rangaithe, comparáide agus cur i láthair agus é ag leanúint le hábhair a bhfuil spéis aige féin iontu i ndáil le haire a thabhairt do mhadraí.

## Snáithe 3: An madra timpeall an tí.

Sa snáithe seo, cuirtear gnéithe praiticiúla d'úinéireacht madra i láthair an scoláire. Bíonn deiseanna ann don scoláire dul i dteagmháil leis an bpobal áitiúil agus é ag foghlaim faoi shláinte agus sláinteachas, aistí bia sláintiúla do mhadraí agus na costais a bhaineann le madra a bheith agat.

## Snáithe 4: An madra sa phobal.

Cuirtear ar chumas an scoláire sa snáithe seo cur lena scileanna cumarsáide mar aon le scileanna smaointeoireachta agus réasúnaíochta. Foghlaimíonn sé níos mó faoi na freagrachtaí a bhaineann le húinéireacht madra agus an cúnamh a thugann madraí sa phobal.

Cé go bhfuil na snáitheanna idircheangailte, ceapadh snáithe 1 le go dtabharfadh an scoláire faoi ag tús an chúrsa mar go mbaineann sé leis an scoláire ag roghnú madra (a mhadra féin nó ceann samhailteach) ar a ndéanfar don chuid eile den chúrsa.

Spreagtar obair bhuíne ar fud na gceithre shnáithe. Bíonn an scoláire ag comhoibriú, i mbun míniú piaraí, ag lorg aiseolais, ag tabhairt aiseolais agus ag déanamh machnaimh ar a chuid oibre. Ba cheart go mbeadh gníomhaíochtaí foghlama praiticiúla, teagmhálacha agus ina dtugtar faoi réiteach fadhbanna le feiceáil i ngach cuid de thrí shnáithe an chúrsa. Tá deiseanna chun machnamh a dhéanamh leabaithe ar fud an chúrsa.

Léiríonn an Measúnú Rangbhunaithe a dtugtar breac-chuntas air thíos an fhoghlaim a dhéanfaidh an scoláire sa ghearrchúrsa seo ó CNCM. Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa a d'fhorbair CNCM a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile, seachas an Measúnú Rangbhunaithe, a dhéanfaidh gach scoláire a thugann faoin ngearrchúrsa seo. Féadfaidh scoil a gearrchúrsa(í) féin a fhorbairt freisin, chomh maith le Measúnú Rangbhunaithe lena mbaineann. Tá treoirínte ar fáil d'aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(í) féin a fhorbairt ar [http://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle\\_Short-Courses](http://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle_Short-Courses).

Ailínítear na torthaí foghlama sa ghearrchúrsa seo go ginearálta leis na táscairí leibhéil le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 1).

Dearadh an cúrsa le haghaidh thart ar 100 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire.

# Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth-théarma é ionchais maidir le scoláirí a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí. I gcás na gearrchúrsaí a d'fhorbair CNCM, beidh samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama ar fáil. D'fhéadfadh go rachadh sé chun tairbhe scoile a dhearann a cuid gearrchúrsaí féin taisce samplaí d'obair scoláirí a chruthú le haghaidh plé agus tagartha amach anseo.

## Torthaí foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ar cheart don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó an gearrchúrsa i dtionscadal pearsanta seo sa tsraith shóisearach a chur i gcrích. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire agus léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na tréimhse staidéir (thart ar 100 uair an chloig).

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin.

# Snáithe 1:

## Foghlaim faoi mhadraí

### Torthaí foghlama

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Saolré madra	1.1 amlíne simplí a chruthú ina leagfaí amach na céimeanna i saol madra 1.2 pictiúir éagsúla de mhadraí a rangú de réir na gcéimeanna forbartha 1.3 roinnt fadhbanna sláinte/sláinteachais a bhíonn ag madraí a liostú
Na tairbhí a bhaineann le madra a bheith agat	1.4 liosta a thabhairt de roinnt cúiseanna a mbíonn madraí ag daoine, lena n-áirítear na tairbhí sóisialta 1.5 plean aclaíochta a oibriú amach chun tairbhe madraí agus a n-úinéirí
Ról madraí inár saol	1.6 torthaí a chur in iúl dá phiaraí ó shuirbhé a rinne sé maidir le luach madraí do dhaoine d'aoiseanna agus riachtanais dhifriúla 1.7 déantán a chruthú chun faisnéis a thabhairt maidir le pótha madraí agus a saintréithe
Madra a roghnú	1.8 na hargóintí ar son agus in aghaidh madra a bheith agat ag phlé le piara(i) 1.9 na rudaí a bhaineann le haire a thabhairt do mhadra a cur in iúl do phiaraí 1.10 critéir a úsáid chun madra ba mhaith leis a bheith aige a roghnú <sup>1</sup>
Machnamh agus aistriú	1.11 machnamh ar an méid a foghlaimíodh sa snáithe seo agus é a chur i bhfeidhm i bhfíor-chomhthéacs nó i gcomhthéacs samhailteach a bhaineann lena mhadra 'féin'

2 Cuireann an scoláire próifil den mhadra a roghnaíodh le chéile ionas gur 'leis an madra'. D'fhéadfadh go mbainfeadh tuilleadh foghlama sa chúrsa seo leis an madra sin.

# Snáithe 2: Aire a thabhairt do mhadraí

## Torthaí foghlama

### Foghlaimíonn an scoláire faoi

### Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

Bia	<p>2.1 lipéid a chur ar bhia amhail sláintiúil nó míshláintiúil do mhadraí</p> <p>2.2 comparáidí a dhéanamh le bia sláintiúil do dhaoine</p> <p>2.3 biachlár a phleanáil agus a dhearadh d'aiste bia sláintiúil do mhadraí</p> <p>2.4 comparáidí a dhéanamh idir praghsanna bianna madraí i miondíoltóirí áitiúla</p> <p>2.5 bia deas a réiteach dá mhadraí 'féin'</p>
Grúmaeireacht	<p>2.6 gnáthaimh sláinteachas do mhadraí a liostú</p> <p>2.7 comparáid a dhéanamh idir na iarmhairtí a bheadh ann mura leanfaí gnáthaimh shláinteachais i ndaoine agus madraí</p> <p>2.8 fianaise a thaispeáint ar an bhfoghlaim tar éis cuairt a thabhairt ar speisialtóir, ar nós grúmaeir madraí nó tréidlia</p>
Aclaíocht	<p>2.9 aclaíocht shláintiúil do mhadraí a shainiú</p> <p>2.10 comparáidí a dhéanamh idir na tairbhí a bhaineann le haclaíocht do dhaoine</p> <p>2.11 an chaoi le haclaíocht shábháilte a dhéanamh leis an madra a mhíniú</p> <p>2.12 léiriú a thabhairt ar dhea-chleachtas agus feasacht ar shábháilteacht agus madra á thabhairt ag siúl</p>
Foscadh	<p>2.13 an chúis a dteastaíonn foscadh ó mhadraí a mhíniú</p> <p>2.14 comparáidí a dhéanamh le foscadh a bheith ag teastáil ó dhaoine</p> <p>2.15 taighde a dhéanamh ar chineálacha difriúla foscaidh don madraí</p>
Machnamh agus aistriú	<p>2.16 machnamh ar an méid a foghlaimíodh sa snáithe seo.</p> <p>2.17 rud éigin a dhearadh agus a dhéanamh dá mhadraí 'féin' le húsáid mar fhoscadh, teas, compord nó spraoi</p>

# Snáithe 3: An madra timpeall an tí

## Torthaí foghlama

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Sláinte agus sláinteachas	3.1 breac-chuntas a thabhairt ar na rioscaí sláinte féideartha do dhaoine a mbíonn madra acu sa bhaile
	3.2 cleachtais chúraim phearsanta riachtanacha is gá a dhéanamh nuair a bhíonn madra sa bhaile a shainaitínt
Na costais a bhaineann le madra a choinneáil	3.3 an costas a bhaineann le madra a choinneáil ar feadh lae/seachtaine agus/nó míosa/blíana a ríomh le háireamhán
	3.4 fianaise a bhailiú ar roinnt de na costais sin trí chuartheanna sa phobal agus/nó siopadóireacht ar líne admhálacha siopadóireachta a mhíniú, ag tabhairt réasúnaíocht (más cuí)
	3.5 ar na difríochtaí idir earraí só agus riachtanacha
Contúirtí timpeall an tí	3.6 na contúirtí féideartha do mhadra i dtimpeallacht an bhaile a liostú seicliosta a dhéanamh do dhea-chleachtas chun madraí a choinneáil sa bhaile
	3.7 sábháilte sa bhaile
	3.8 daoine, grúpaí nó eagraíochtaí a aithint a d'fhéadfadh cuidiú i gcásanna éigeandála
Machnamh agus aistriú	3.9 rólímirt a dhéanamh maidir le glaoch ar na seirbhísí éigeandála chun eachtra a bhaineann le madra a thuairisciú
	3.10 machnamh ar an méid a foghlaimíodh sa snáithe seo agus é a chur i bhfeidhm i bhfíor-chomhthéacs nó i gcomhthéacs samhailteach a bhaineann lena mhadra 'féin'

# Snáithe 4: An madra sa phobal

## Torthaí foghlama

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Freagrachtaí úinéara	<p>4.1 na freagrachtaí a bhaineann le madra a bheith agat a liostú</p> <p>4.2 tuiscint a léiriú i leith daoine a bhfuil faitíos orthu roimh mhadraí</p> <p>4.3 na gníomhaireachtaí ábhartha a thugann tacaíocht agus comhairle d'úinéirí madra a ainmniú an rud ba cheart a dhéanamh má bhíonn madra crosta os do chomhair a mhíniú</p>
Áiteanna agus imeachtaí a bhaineann le madraí	<p>4.5 an gá le seiceáil an bhfuil cead madraí a thabhairt in áiteanna áirithe a aithint</p> <p>4.6 áiteanna agus imeachtaí a bhaineann go sonrach le madraí a shainaithint cuairt a thabhairt ar cheann de na háiteanna nó imeachtaí seo ar a laghad</p>
Madraí a chuidíonn linn	<p>4.8 na bealaí ar féidir le madraí cuidiú linn sa phobal a ainmniú agallamh a chur ar dhuine a oibríonn le madra nó a bhfuil madra acu a chuidíonn leo</p> <p>4.10 feasacht a léiriú ar an gcaoi ar féidir le madraí cuidiú le daoine neamhspleáchas a bhaint amach</p>
Machnamh agus aistriú	4.11 machnamh ar an méid a foghlaimíodh sa snáithe agus agus é a chur i bhfeidhm i bhfíor-chomhthéacs nó i gcomhthéacs samhailteach a bhaineann lena mhadra 'féin'



# Measúnú agus tuairisciú

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Tacaíonn an gearrchúrsa seo le héagsúlacht leathan cuir chuige i leith measúnú. Bíonn roinnt torthaí foghlama oiriúnach le haghaidh measúnú aon uaire, cuid eile le haghaidh measúnú ar bhonn leanúnach de réir mar a thugann an scoláire faoi ghníomhaíochtaí difriúla foghlama ar nós plé, míniú, cur i láthair, pleanála, gníomhú agus ag leibhéal cuí, faisnéis a fháil. Sna comhthéacsanna sin, déanann an scoláire, i dteannta a mhúinteora agus a chomhscoláirí, machnamh ar a chuid foghlama féin agus ar fhoghlaim daoine eile agus tugann sé breithiúnas orthu trí bhreathnú ar chaighdeán na bpíosaí áirithe oibre (de réir a chumais). Pleanálann sé na chéad chéimeanna eile ina chuid foghlama, bunaithe ar an aiseolas a fhaigheann agus a thugann sé. Is féidir le measúnú leanúnach tacú leis an scoláire ina aistear foghlama agus ina ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe a bhaineann leis an ngearrchúrsa seo.

Samhlaítear go dtabharfaidh an scoláire fianaise ar a fhoghlaim ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear meáin dhigiteacha, taifid fuaimne agus píosaí scríofa.

Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus dírfonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cuirfear dul chun cinn agus gnóthachtáil an scoláire sna gearrchúrsaí, idir mheasúnuithe leanúnacha agus an Measúnú Rangbhunaithe a bhaineann go sonrach leis an ngearrchúrsa seo, in iúl dá thuismitheoirí sa tuairisciú eatramhach agus i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Tá Acmhainní don Mheasúnú ar fáil ar líne chun tacú le múinteoirí agus le scoileanna. Áireofar sna hAcmhainní don Mheasúnú ábhar tacaíochta a bhaineann le foghlaim, teagasc, measúnú agus tuairisciú.

## Measúnú Rangbhunaithe

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire sa mheasúnú sonrach/sna measúnuithe sonracha a leagtar amach i sonraíocht an ábhair nó an ggearrchúrsa. Beidh Measúnú Rangbhunaithe amháin i ngearrchúrsaí na sraithe sóisearaí.

### Measúnú Rangbhunaithe: Cur i láthair

Is ionann an Measúnú Rangbhunaithe seo agus toradh na hoibre ar tugadh fúithi i gceithre shnáithe an ggearrchúrsa tionscadail phearsanta. Ba cheart tús a chur leis an Measúnú Rangbhunaithe i ndiaidh an obair sna ceithre shnáithe a chur i gcrích.

Baineann an cur i láthair a chuirtear i gcrích don Measúnú Rangbhunaithe le gné den ggearrchúrsa a bhfuil spéis ag an scoláire inti. Tugann sé deis don scoláire 'a bhfuil ar eolas aige a léiriú' trí leagan amach dá rogha féin. D'fhéadfadh comhoibriú le daoine eile a bheith ag teastáil chun taighde a dhéanamh ar na rudaí a bheidh le rá agus an bealach lena rá, eolas a fháil fúthu, iad a phleanáil agus a eagrú. Cuireann sé le muinín agus spreagann sé idirghníomhú sóisialta le daoine eile. Tugann sé deis chomh maith scileanna a léiriú in oibriú leis an teicneolaíocht dhigiteach. Is féidir léirmhíniú sách leathan a dhéanamh ar an teideal. D'fhéadfaí aon leagan amach a áireamh sa Mheasúnú Rangbhunaithe – comhrá, agallamh, rólghlacadh, labhartha, comharthaithe nó leictreonach a chuireann ar chumas an scoláire an fhoghlaim a chur i láthair. Cinntear an rogha leagan amach ón gcumas atá aige chun aird a tharraingt ar na héachtaí is fearr a bhain an scoláire amach i ndáil le heolas nó coincheapa a fhoghlaimíodh agus scileanna a forbraíodh.

## An tSraith Shóisearach Sonraíocht

Tionscadal  
Pearsanta: Aire a Thabhairt d'Ainmhithe (Leibhéal 2)

ghearrchúrsa seo de chuid na sraithe sóisearaí, lena n-áirítear gnéithe cáilíochta agus sonraí faoi na socrúithe praiticiúla a bhaineann le measúnú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo. Cuimseoidh na treoirlínte, mar shampla, an fad agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh an chur i láthair, agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas ‘ar an iomlán’ a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta.

## Measúnú cuimsitheach

Is príomhghné de theagasc agus d’fhoghlaim ar scoil iad cleachtais mheasúnaithe chuimsitheach, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Ba cheart go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socrúithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir.

Bíonn oiriúntais a chuireann ar chumas gach scoláire teacht ar an gcúraclam agus measúnú bunaithe ar riachtanais shonracha. Mar shampla, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann clóscríobh go fisiciúil bogearraí deachtaithe atá saor in aisce a úsáid chun measúnuithe leanúnacha agus an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann labhairt físeanna agus fotheidil a chur in iúl trí theanga chomharthaíochta agus a tharraingt/scríobh/chlóscríobh agus a chruthú le smaointe a chur i láthair agus in iúl. Má tá saindeacracht foghlama ag scoláire, d’fhéadfadh sé tairbhe a bhaint as tascanna agus an gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear i láthair i mbealach difriúil. Tá treoirlínte cuimsitheacha faoi ionchuimsiú in iar-bhunscoileanna ar fáil anseo agus tá treoirlínte do mhúinteoirí scoláirí faoi Mhíchumais Ghinearálta Foghlama ar fáil anseo.

## Na gnéithe cáilíochta

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar an Measúnú Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfídh an múinteoir chun Measúnuithe Rangbhunaithe an scoláire a mheas.

Beidh sonraí níos mine ar fáil i dtreoirlínte measúnaithe ar leith le haghaidh tionscadal pearsanta maidir leis an measúnú agus tuairisciú sa

# Aguisín 1:

## Na Táscairí Leibhéal le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Forbraíodh an gearrchúrsa seo ar aon dul leis na Táscairí Leibhéal le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Go hiondúil, baineann foghlaim bhunúsach faoi threoir dhea-thacaithe le deimhniú agus dámhachtaí Leibhéal 2. Is iondúil go mbíonn an raon eolais cúng. Tá foghlaim forbarthach ach d'fhéadfaí eolas, scileanna agus inniúlacht a bhaineann le réimsí áirithe foghlama a áireamh ann, m.sh. gnéithe den litearthacht agus den uimhearthacht agus foghlaim i gcomhthéacsanna a bhfuil cur amach ag an scoláire orthu.

### Leibhéal an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí

2

**Eolas** Tá eolas cúng sa raon sin

*Fairsinge*

**Eolas** Nithiúil i dtagairt agus bunúsach i dtuisint

*Cineál*

**Fios gnó agus scil** Raon teoranta scileanna bunúsacha, praiticiúla a léiriú, lena n-áirítear na huirlisí ábhartha a úsáid

*Raon*

**Fios gnó agus scil** Seicheamh tascanna a dhéanamh faoi threoir shoiléir

*Roghnaíocht*

**Inniúlacht** Feidhmiú i raon teoranta comhthéacsanna intuartha agus struchtúrtha

*Comhthéacs*

**Inniúlacht** Feidhmiú i raon ról, faoi threoir

*Ról*

**Inniúlacht** Foghlaim le foghlaim ar bhealach smachtaithe i dtimpeallacht dhea-struchtúrtha agus mhaoirsithe

*Foghlaim le foghlaim*

**Inniúlacht** Feasacht a léiriú ar ról neamhspleách dó féin

*Léargas*



AN ROINN  
**OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA**  
DEPARTMENT OF  
**EDUCATION AND SKILLS**